Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2017**
**(OR. en)**

**8361/17**

**FIN 266**
**AGRI 206**
**FORETS 13**
**DEVGEN 64**
**ENV 369**
**RELEX 325**
**UD 113**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Aibreán 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7783/17 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus atá mar ullmhúchán do rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát sa Dara Seisiún Déag de Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF 12)<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Aibreán 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí in IARSCRÍBHINN na conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus atá mar ullmhúchán do rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát sa Dara Seisiún Déag de Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF 12), mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3531ú cruinniú dá cuid ar an 25 Aibreán 2017.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus atá mar ullmhúchán do rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát sa Dara Seisiún Déag de Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF 12)**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. AG MEABHRÚ na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo ar an 20 Aibreán 2015 i ndáil le comhshocrú éifeachtach idirnáisiúnta tar éis 2015 maidir le foraoisí don Aonú Seisiún Déag de Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF 11) a tionóladh ar an 4-15 Bealtaine 2015 i gceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrach;

2. AG MEABHRÚ Rún 2015/23 an 22 Iúil 2015 ó Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta (ECOSOC) na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Socruithe idirnáisiúnta ar fhoraoisí ó 2015 ar aghaidh';

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an toradh a bhí ar an 11ú seisiún de UNFF, inar leagadh béim shoiléir go háirithe ar chomhleanúnachas, comhar agus sineirgí a fheabhsú idir comhaontuithe, próisis agus tionscnaimh a bhaineann le foraoisí agus ar éifeachtúlacht agus tionchar an Fhóraim a fheabhsú trí sheisiúin UNFF a athstruchtúrú;

4. AG LEAGAN BÉIM ar an ról ríthábhachtach atá ag foraoisí an domhain maidir le dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus AG AITHINT ábharthacht foraoisí i mbeartais inmheánacha agus seachtracha éagsúla an Aontais Eorpaigh agus laistigh de na Náisiúin Aontaithe faoi na trí cholún atá acu: Cearta an Duine, Síocháin agus Slándáil, agus Forbairt;

5. AG TABHAIRT DÁ hAIRE agus é mar chúis mhór imní di, go bhfuil an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise ar fud an domhain fós ina bhfadhb mhór agus go bhfuil foraoisí faoi bhrú; AG AITHINT gur casta iad na cúiseanna atá leis sin agus go n-áirítear orthu tiontú foraoisí ina dtalamh talmhaíochta, ar ceann de na príomhúdair é, agus cleachtais neamh-inbhuanaithe bainistithe foraoisí chomh maith;

6. AG CUR I dTREIS gur croíchuid de luachanna na hEorpa í an fhorbairt inbhuanaithe agus gur féidir leis an mbainistiú inbhuanaithe ar an uile chineál foraoisí rannchuidiú go suntasach le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, coinbhinsiúin Rio, Comhaontú Pháras agus gealltanais idirnáisiúnta eile a bhaineann le foraoisí a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta;

7. AG CUR I dTREIS an ról atá ag an bhfóram maidir le rannchuidiú leis na gnéithe sin de Chlár Oibre 2030 a bhaineann le foraoisí a chur chun feidhme, agus le hobair leantach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear na spriocanna agus na cuspóirí atá ann;

8. AG AITHINT go bhfuil freagracht dhomhanda ar an Aontas agus ar na Ballstáit agus go bhfuil ról suntasach acu maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí (lena n-áirítear caomhnú foraoisí) a chur chun cinn, stop a chur leis an dífhoraoisiú, an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac agus tomhailt táirgí atá éifeachtach ó thaobh acmhainní agus fuinneamh de agus a thagann ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe a spreagadh, i gcomhréir le treoirphrionsabail Straitéis Foraoise an Aontais agus Phlean Gníomhaíochta FLEGT an Aontais (Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí);

**Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí - garsprioc sa chlár oibre maidir le beartas domhanda foraoisí tar éis 2015**

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI agus CUIREANN SÍ I dTREIS Plean Straitéiseach 2017-2030 na Náisiún Aontaithe ('an Plean Straitéiseach'), arb é an chéad cheann dá leithéid riamh, agus an chéad Chlár Oibre Ceathairbhliantúil de chuid UNFF don tréimhse 2017-2020 ('an Clár Oibre'), a glacadh ag Seisiún Speisialta an Fhóraim a bhí ann ar an 20 Eanáir 2017 i Nua-Eabhrac;

10. DEARBHAÍONN SÍ a tacaíocht iomlán don Phlean Straitéiseach agus MEASANN SÍ gur éacht mhór agus deis thábhachtach atá ann comhleanúnachas, comhordú agus sineirgí a fheabhsú tuilleadh agus saincheisteanna domhanda a bhaineann le foraoisí a fheabhsú ar an leibhéal idirnáisiúnta, réigiúnach agus náisiúnta, agus laistigh den Aontas chomh maith;

11. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá sé sineirgí a chur chun cinn, mar aon le spriocanna agus cuspóirí domhanda foraoise UNSPF agus beartais agus cláir chomhlachtaí, eagraíochtaí agus ghníomhaireachtaí speisialaithe éagsúla na Náisiún Aontaithe, coinbhinsiúin Rio agus eagraíochtaí agus próisis idir-rialtasacha eile a bhaineann le foraoisí a chur chun feidhme ar bhealach lena dtacóidh siad le chéile, faoi raon feidhme a sainorduithe; agus GEALLANN SÍ go rannchuideoidh sí leis na hiarrachtaí sin;

12. D'fhonn an fhís atá sa Phlean Straitéiseach a chomhlíonadh, is é sin: 'Domhan ina ndéantar bainistiú inbhuanaithe ar an uile chineál foraoisí agus crann lasmuigh d'fhoraoisí, ina rannchuidíonn na foraoisí agus na crainn sin leis an bhforbairt inbhuanaithe agus ina gcuireann siad buntáistí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha ar fáil do mhuintir na linne seo agus do na glúine atá le teacht', GEALLANN SÍ go n-oibreoidh sí ar bhealach comhsheasmhach, éifeachtach, trédhearcach agus rannpháirteach chun forbairt, cur chun feidhme, comhar agus comhordú beartais foraoise a fheabhsú, agus go dtreiseoidh sí gealltanais pholaitiúla ar gach leibhéal;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaítear, leis an bPlean Straitéiseach, trí spriocanna agus cuspóirí domhanda foraoise atá soiléir, comhchoiteann a leagan amach, go dtacaítear le cuspóirí an Chomhshocraithe Idirnáisiúnta maidir le Foraoisí agus go bhfuil sé mar aidhm leis rannchuidiú le dul chun cinn a dhéanamh ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna), ar Spriocanna Aichi maidir leis an mBithéagsúlacht, ar Chomhaontú Pháras agus ar ionstraimí, próisis, gealltanais agus spriocanna idirnáisiúnta eile a bhaineann le foraoisí;

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá ann an Plean Straitéiseach a chur chun feidhme sa dóigh go ndéanfaí Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme ar bhealach níos comhtháite, agus aird a thabhairt ar na saincheisteanna trasghearrtha a bhaineann leis, lena n-áirítear cearta an duine, an t-athrú aeráide, comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní, deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus éagothromaíochtaí a chomhrac;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá sineirgí le próisis eile ábhartha a chothú agus compháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí a neartú, agus gur gá mbeadh mbeidh baint ag na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear príomhghrúpaí, comhlachtaí agus próisis réigiúnacha agus fo-réigiúnacha, an pobal eolaíochta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an earnáil phríobháideach i gcur chun feidhme an Phlean Straitéisigh agus CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí idirsheisiúnacha i ndáil leis sin;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá ról na Comhpháirtíochta Comhoibríche ar Fhoraoisí (CPF), agus ról na mballeagraíochtaí dá chuid, i gcur chun feidhme an Phlean Straitéisigh; maidir leis sin IARRANN SÍ go ndéanfaí an comhoibriú idir na baill dá cuid a neartú agus go n-ullmhófaí plean oibre comhpháirteach de chuid CPF go tráthúil;

**12ú Seisiún Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí (UNFF) (1-5 Bealtaine 2017, Nua-Eabhrac)**

17. GEALLANN SÍ go mbeidh sí rannpháirteach, ar bhonn gníomhach, in UNFF 12 agus i ngach seisiún sna corrbhlianta atá romhainn amach, agus IARRANN SÍ comhar maith idir na gníomhaithe uile, go sonrach idir comhaltaí CPF, chun go gcuirfear le misean an Phlean Straitéisigh ar bhonn gníomhach agus go mbainfear amach an fhís a ghabhann leis;

18. SPREAGANN SÍ na gníomhaithe uile a bheith rannpháirteach sa phlé ag UNFF 12 ar bhonn gníomhach ionas gur féidir le UNFF ullmhúchán tráthúil a dhéanamh maidir leis na téamaí agus an timthriall um athbhreithniú do 2017-2018 le haghaidh an Fhóraim Pholaitiúil Ardleibhéil um Fhorbraíocht Inbhuanaithe (HLPF), díriú go háirithe ar obair leantach agus ar athbhreithniú i ndáil leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) agus i ndáil leis na spriocanna a bheidh faoi chaibidil ag HLPF 2017 agus ag HLPF 2018, agus díriú ar chur chun feidhme na spriocanna sin;

19. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil faireachán, measúnú agus tuairisciú thar a bheith tábhachtach i léiriú dul chun cinn agus i gcomhroinnt na taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an Phlean Straitéisigh; AITHNÍONN SÍ ag an am céanna, áfach, gur gá uime sin ualach breise tuairiscithe agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus na táscairí idirnáisiúnta a bhaineann le foraoisí arb ann dóibh faoi láthair a chuíchóiriú; SPREAGANN SÍ CPF bunsraith de tháscairí domhanda a bhaineann le foraoisí a chur i dtoll a chéile; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart a bheith san áireamh sa timthriall agus san fhormáid le haghaidh tuairisciú náisiúnta deonach na timthriallta idirnáisiúnta eile um thuairisciú a bhaineann le foraoisí, go háirithe timthriallta ábhartha bhaill CPF agus an timthriall um athbhreithniú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;

20. CUIREANN SÍ I bhFÁTH, má táthar chun cur chun cinn bhainistiú inbhuanaithe na bhforaoisí a bhaint amach, mar aon le tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh, nach mór bealaí éagsúla cur chun feidhme a chomhtháthú ar a n-áireofaí, mar shampla, saincheisteanna amhail maoiniú, teicneolaíocht, fothú acmhainní agus trádáil, agus saincheisteanna córasacha amhail comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóirí; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeidh ann do bheartais chomhsheasmhacha agus dea-rialachas ar gach leibhéal, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí i dtaca le foraoisí, agus institiúidí éifeachtacha agus freagracha;

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá leanúnach le hacmhainní sonracha a chur ar fáil ó gach foinse agus ar gach leibhéal chun go ndéanfar cur chun feidhme bhainistiú inbhuanaithe na bhforaoisí a chur chun cinn, i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa;

22. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag an Líonra Domhanda maidir le Maoiniú Foraoise a Éascú (GFFFN), bunaithe ar an sainordú a tugadh i Rún 2015/33 ECOSOC, chun tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta ar Fhoraoisí, lena n-áirítear ar bhonn an phlean straitéisigh chun a chuspóirí agus a spriocanna domhanda foraoise a bhaint amach; TUGANN SÍ DÁ hAIRE sainordú Ardrúnaíocht UNFF, mar a leagtar amach i Rún 2015/33 ó Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta (ECOSOC) na Náisiún Aontaithe é agus lena n-áirithítear bainistiú éifeachtach GFFFN agus cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí dá chuid; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar na gníomhaithe ábhartha uile tacú leis na gníomhaíochtaí a chuireann GFFFN i gcrích; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an meon deonach a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais a thugtar chun tacú le GFFFN mar aon leis an ngá atá le gach gné dá fheidhmíocht a bheith go hiomlán trédhearcach chun go gcuirfidh an tAontas agus na Ballstáit le próiseas cinnteoireachta atá eolach agus a bhaineann le forbairt bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar GFFFN.